A Story from Seán Mac Mathúna

"Accelerated Curriculum": Part IV (Conclusion)

1. Shéid sé siar é, shéid sé soir é, shéid sé isteach i mbéal na maidine é. Cá dtuirlingeodh an diabhal ach i gceartlár halla an chaisleáin agus an féasta fós ar siúl. De réir a chéile thit an tost is d'fhéach gach súil air.
2. 'A Thaidhg Ui Chatháin,' arsa an guth, 'siúil aníos chugainn as sin!' Rud a dhein sé. 'Sea, bhfuil scéal agat an turas seo dúinn?'
3. 'Ambaist go bhfuil,' arsa Tadhg, agus é chomh bródúil le cat a mbeadh póca air, 'agus ní hamháin sin ach crochfad cúpla tiúin ar an scriob screab daoibh, is cá bhfios ná go mbuailfead hornpipe amach ar na leaca. Agus má tánn sibh fós gan a bheith buíoch díom léifidh mé smut d'aifreann daoibh.'
4. Thit tost marfach ar na mná. 'Sea go díreach,' arsa Tadhg, 'Aifreann. An tAthair Tadhg Ó Catháin *at your service. Dominus vobiscum, et cum spiritu tuo...*' A Mhuire mháthair, phléasc an slua san aer is scinn na mná as radharc i bputh deataigh. Iad go léir ach bean amháin. An duine ba dheise díobh.
5. D'fhan sise thuas cois na tine, bean bhreá rua a raibh béilín aingil uirthi -- ach diabhlaíocht ina súil.
6. 'A Thaidhg Ui Chatháin,' arsa sise, 'níl aon dabht air ná gur breá an scafaire fir tú. An suífir aníos cois na tine?' Rud a dhein is níor iarr sé aon mhéir leis, mise a rá leat. 'Agus go breá réidh ar an Laidin, a Thaidhg, nílid chomh tógtha leis anseo timpeall. Na mná úd, is é sin,' agus sméid sí air.
7. 'Ní duine acu siúd mise in aon chor, a Thaidhg, bíodh a fhios agat, gnáthdhuine mise cosúil leat féin,' agus dhein sí gáire le Tadhg is ba bheag nár leag an t-aoibhneas é.
8. 'An inseoidh mé mo scéal duit,' ar seisean.
9. 'Dhera, níl aon deabhadh, a Thaidhgín, a stór, agus lán na hoiche fós romhainn. Agus tráth is go bhfuil an oiche chomh dorcha, gránna sin b'fhéidir nár mhiste an oíche a chaitheamh anseo inár dteannta?' Rud a dhein.